Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Bealtaine 2025**
**(OR. en)**

**8980/25**

**ENV 342**
**ENT 68**
**COMPET 370**
**IND 142**
**SAN 221**
**CONSOM 84**
**MI 302**
**CHIMIE 33**
**DELACT 59**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 15 Bealtaine 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 2887 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 15.5.2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le dechlorane plus |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 2887 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 2887 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 15.5.2025
C(2025) 2887 final

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 15.5.2025**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le dechlorane plus**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é is cuspóir do Rialachán (AE) 2019/1021 sláinte an duine agus an comhshaol a chosaint ar thruailleáin orgánacha mharthanacha ('POPanna') trí thoirmeasc, céimniú amach a luaithe is féidir nó srianadh a dhéanamh ar tháirgeadh, ar chur ar an margadh agus ar úsáid substaintí atá faoi réir Choinbhinsiún Stócólm maidir le POPanna ('an Coinbhinsiún'). Ag an 11ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Stócólm, a bhí ar siúl i nGinéiv na hEilvéise i mí na Bealtaine 2023, rinneadh an cinneadh dechlorane plus a áireamh in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún agus díolúintí sonracha áirithe ag baint leis sin. Ba cheart an cinneadh seo a léiriú in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021.

Leis an ngníomh tarmligthe seo, cuirtear chun feidhme cinneadh SC-11/10 chun dechlorane plus a liostú in Iarscríbhinn A, i gcomhréir le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2019/1021.

D'ullmhaigh an Iorua sainchomhad srianta le haghaidh dechlorane plus i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus tugadh tuairim na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceáin (ECHA) chun críche i mí Mheán Fómhair 2022[1]. Tacaítear sa tuairim le srian leathan ar mhonarú agus ar chur ar an margadh dechlorane plus, agus roinnt díolúintí ann.

I gCinneadh SC-11/10, tá liosta díolúintí sonracha a dheonaítear faoin gCoinbhinsiún, lena cumhdaítear gach díolúine a mholtar i dtuairim ECHA. Áirítear sa Choinbhinsiún díolúintí, nach moltar i dtuairim ECHA, maidir le páirteanna spártha le haghaidh trealamh cumhachta lasmuigh, feistí leighis agus feistí diagnóiseacha *in vitro* agus uirlisí anailíse, tomhais, rialaithe, faireacháin, tástála táirgeachta agus cigireachta. Tar éis barúlacha a cuireadh isteach trí thairseach an tsásra aiseolais ón bpobal maidir leis an ngá leis na díolúintí sin, agus é á chur san áireamh go mbaineann an úsáid le páirteanna spártha a bhfuil gá leo chun táirgí atá ann cheana féin a dheisiú agus a chothú, tá an Coimisiún den tuairim gur cheart na díolúintí sin a dheonú.

Leagtar síos i gCoinbhinsiún Stócólm gur féidir díolúintí sonracha a cheadú ar feadh 5 bliana, agus an fhéidearthacht ann síneadh a chur leo ar feadh 5 bliana breise. I dtuairim ECHA, moltar roinnt díolúintí sonracha ar feadh tréimhse níos faide ná 5 bliana. Tá an Coimisiún den tuairim gurb iomchuí 5 bliana a dheonú mar an tréimhse is faide le haghaidh díolúine agus an fhéidearthacht a chur in iúl síneadh a chur léi ar feadh 5 bliana breise ar a mhéad.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

Chuathas i gcomhairle le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát sa ghrúpa saineolaithe ábhartha ('an cruinniú leis na húdaráis inniúla maidir le POPanna') maidir leis an dréachtghníomh tarmligthe agus cuireadh barúlacha san áireamh.

Ghlac páirtithe leasmhara ábhartha, lena n-áirítear an tionscal ceimiceán agus an tsochaí shibhialta, páirt freisin sa phlé maidir le dechlorane plus a liostú in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán maidir le POPanna sa 'chruinniú leis na hÚdaráis Inniúla maidir le POPanna' agus cuireadh barúlacha san áireamh.

Rinneadh comhairliúchán poiblí maidir leis an ndréachtghníomh trí thairseach an tsásra aiseolais ón bpobal ón 26 Meitheamh go dtí an 24 Iúil 2024, agus cuireadh na barúlacha san áireamh mar a leanas.

[1] d4e88790-cfe2-c934-7ea4-489e1602d6c2 (europa.eu)

I roinnt barúlacha, iarradh go gcuirfí isteach díolúintí maidir le páirteanna spártha a áirítear i gcinneadh Choinbhinsiún Stócólm ach nach moltar i dtuairim Choistí ECHA maidir le srian REACH. Tá an Coimisiún ag glacadh leis na hiarrataí sin, ós rud é go mbeadh sé i gcomhréir le Coinbhinsiún Stócólm agus gur dócha gur beag an toirt dechlorane plus a úsáidtear sna páirteanna spártha sin.

Bhain na barúlacha eile le teorainn rian-éilleáin neamhbheartaithe 1 mg/kg atá beartaithe agus moltar iontu teorainn na sriain REACH molta de 1 000 mg/kg a úsáid. Measann an Coimisiún nár cheart an teorainn a athrú, ós rud é nár fhreagair an teorainn a moladh i srian REACH maidir le dechlorane plus don choincheap rian-éilleáin neamhbheartaithe ach bhí sé beartaithe léi úsáid d'aon ghnó a chosc agus tá sí nasctha freisin leis an teorainn a spreag oibleagáidí áirithe in REACH. Is é is aidhm do theorainneacha rian-éilleáin neamhbheartaithe POPanna a bhaint de tháirgí a mhéid is féidir, lena n-áirítear POPanna in ábhair athchúrsáilte, agus ba cheart méid íosta a bheith i gceist leo. Is cosúil go léirítear san fhaisnéis atá ar fáil gur féidir leibhéil 1 mg/kg a thomhas i dtáirgí. Mar sin féin, i bhfianaise gur gá do shaotharlanna feabhas a chur ar chruinneas anailíse agus a áirithiú go gcuirfear modhanna anailíseacha i bhfeidhm ar bhealach aonfhoirmeach leordhóthanach, mar shampla trí thástáil inniúlachta, measann an Coimisiún gur cheart an teorainn rian-éilleáin neamhbheartaithe a shocrú ag 1 000 mg/kg ar theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo agus ag 1 mg/kg 30 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leis an ngníomh tarmligthe leasaítear an liosta ceimiceán in Iarscríbhinn I ar bhonn forbairtí faoin gCoinbhinsiún, mar a cheanglaítear le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2019/1021. Is é Airteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2019/1021 is bunús dlí don ghníomh tarmligthe.

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 15.5.2025**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le dechlorane plus**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/1021 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le truailleáin orgánacha mharthanacha[1], agus go háirithe Airteagal 15(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/1021, cuirtear chun feidhme gealltanais an Aontais faoi Choinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha[2] ('an Coinbhinsiún') agus faoin bPrótacal a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha[3] ('an Prótacal').

(2) Tá liosta ceimiceán in Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún. Ceanglaítear ar gach Páirtí sa Choinbhinsiún na ceimiceáin sa liosta a thoirmeasc nó na bearta dlíthiúla agus riaracháin is gá a dhéanamh chun deireadh a chur lena dtáirgeadh, lena n-úsáid, lena n-allmhairiú agus lena n-onnmhairiú.

(3) Le linn an 11ú cruinniú a bhí ag Comhdháil na bPáirtithe sa Choinbhinsiún ón 1 go dtí an 12 Bealtaine 2023, rinne sí cinneadh, de bhun Airteagal 8(9) den Choinbhinsiún, Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún a leasú chun dechlorane plus a áireamh san Iarscríbhinn sin agus díolúintí sonracha ag baint leis sin. Thacaigh an tAontas le dechlorane plus a áireamh in Iarscríbhinn A agus díolúintí sonracha ag baint leis sin mar a shonraítear i gCinneadh (AE) 2023/1006[4] ón gComhairle. Dá bhrí sin, ba cheart Cuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021, ina bhfuil an liosta substaintí a liostaítear sa Choinbhinsiún agus sa Phrótacal chomh maith le substaintí nach liostaítear ach sa Choinbhinsiún, a leasú freisin chun dechlorane plus a áireamh.

[1] IO L 169, 25.6.2019, lch. 45, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1021/oj .

[2] Cinneadh 2006/507/CE ón gComhairle an 14 Deireadh Fómhair 2004 i ndáil le Coinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha a thabhairt i gcrích thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh (IO L 209, 31.7.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2006/507/oj) .

[3] Cinneadh 2004/259/CE ón gComhairle an 19 Feabhra 2004 i ndáil leis an bPrótacal a ghabhann le Coinbhinsiún 1979 ar Thruailliú Aeir Trasteorann Fadraoin maidir le Truailleáin Orgánacha Mharthanacha a thabhairt i gcrích thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh (IO L 81, 19.3.2004, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2004/259/oj).

[4] Cinneadh (AE) 2023/1006 ón gComhairle an 25 Aibreán 2023 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 11ú cruinniú de Chomhdháil na bPáirtithe i gCoinbhinsiún Stócólm ar Thruailleáin Orgánacha Mharthanacha a mhéid a bhaineann leis na tograí chun Iarscríbhinn A a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin a leasú.

(4) In 2022, ghlac an Coiste um Measúnú Priacail agus an Coiste um Anailís Shocheacnamaíoch de chuid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán (SEAC) (na 'coistí') a dtuairim[5] maidir le sainchomhad srianta ón Iorua i ndáil le dechlorane plus faoi Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6]. Tacaítear sna tuairimí le srian ar mhonarú agus ar úsáid dechlorane plus, agus maoluithe sonracha ann le haghaidh úsáidí sonracha. Áirítear na maoluithe sin ar liosta na ndíolúintí sonracha a dheonaítear faoin gCoinbhinsiún le Cinneadh SC-11/10 ó Chomhdháil na bPáirtithe agus ba cheart iad a dheonú mar dhíolúintí faoi Rialachán (AE) 2019/1021 freisin de bharr go bhfuil gá leo fós san Aontas. Baineann sé sin, i measc nithe eile, le páirteanna spártha le haghaidh mótarfheithiclí ar talamh, amhail gluaisteáin, gluaisrothair, mótarfheithiclí talmhaíochta agus tógála agus trucailí tionsclaíocha, lena n-áirítear mótarfheithiclí a chumhdaítear le Rialacháin (AE) 2018/858[7], (AE) 167/2013[8] agus (AE) 168/2013[9].

(5) Tá díolúintí sa Choinbhinsiún maidir le húsáid dechlorane plus nach moltar i dtuairimí na gcoistí. Áirítear leo sin úsáid na substainte sin chun críoch páirteanna spártha le haghaidh trealamh cumhachta lasmuigh, feistí leighis, feistí diagnóiseacha *in vitro* agus uirlisí anailíse, tomhais, rialaithe, faireacháin, tástála, táirgeachta agus cigireachta agus chun earraí áirithe a dheisiú. Ós rud é gur beag an méid dechlorane plus a úsáidtear i bpáirteanna spártha agus chun earraí a dheisiú agus é á chur san áireamh a thábhachtaí atá sé earraí atá in úsáid cheana a chothabháil, ba cheart na díolúintí sin a bheith i Rialachán (AE) 2019/1021.

(6) Ba cheart gurb é 5 bliana an tréimhse is faide le haghaidh na ndíolúintí, agus an fhéidearthacht a bheith ann síneadh a chur leo ar feadh tréimhse 5 bliana bhreise, i gcomhréir le hAirteagal 4(4) den Choinbhinsiún. Tá sé sin ábhartha go háirithe i gcás na ndíolúintí maidir le feidhmchláir íomháithe leighis agus maidir le feistí agus suiteálacha radaiteiripe, ar thacaigh tuairimí na gcoistí leo ar feadh tréimhse 7 mbliana agus 10 mbliana, faoi seach. Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar an ngá atá le síneadh a chur leis na díolúintí sonracha faoin 1 Aibreán 2028 ar a dhéanaí chun ullmhú do Chomhdháil na bPáirtithe a mheastar a thionólfar i mí na Bealtaine 2029, ós rud é nach mór cinneadh a dhéanamh ag an gComhdháil sin maidir le síneadh a d'fhéadfaí a chur leis na díolúintí sonracha maidir leis an tsubstaint sin faoin gCoinbhinsiún.

---

5 d4e88790-cfe2- c934-7ea4-489e1602d6c2 (europa.eu)

6 Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH) agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoir 91/155/CEE, Treoir 93/67/CEE, Treoir 93/105/CE agus Treoir 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1907/oj).

7 Rialachán (AE) 2018/858 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Bealtaine 2018 maidir le ceadú mótarfheithiclí agus a leantóirí, agus córas, comhpháirteanna agus aonad teicniúil ar leithligh atá ceaptha le haghaidh feithiclí den sórt sin, agus faireachas margaidh orthu, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 715/2007 agus (CE) Uimh. 595/2009 agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/46/CE (IO L 151, 14.6.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/858/oj).

8 Rialachán (AE) Uimh. 167/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Feabhra 2013 maidir le formheas agus le faireachas margaidh ar fheithiclí talmhaíochta agus foraoiseachta (IO L 60, 2.3.2013, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/167/oj).

9 Rialachán (AE) Uimh. 168/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2013 maidir le ceadú agus le faireachas margaidh ar fheithiclí dhá nó trí roth agus cuadrothair (IO L 60, 2.3.2013, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/168/oj).

(7) Le hAirteagal 3 de Rialachán (AE) 2019/1021 toirmisctear monarú, cur ar an margadh agus úsáid na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin, bídís leo féin, i meascáin nó in earraí. I ndáil leis sin, maidir le hearraí ina bhfuil dechlorane plus agus a tháirgtear nó a chuirtear ar an margadh faoi dhíolúine a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin agus a bhí in úsáid cheana féin ar dháta éaga na díolúine ábhartha, ba cheart a shoiléiriú go gceadaítear leanúint dá n-úsáid tar éis an dáta sin.

(8) Thairis sin, i gcomhréir le Cinneadh SC-11/10, maidir leis an díolúine lena gcumhdaítear dechlorane plus a chur ar an margadh agus a úsáid chun críoch páirteanna spártha le haghaidh feithiclí áirithe, meaisíní áirithe, chun críoch trealaimh mhuirí, ghairdín, foraoiseachta agus cumhachta lasmuigh, chun críoch feidhmeanna aeraspáis, spáis agus cosanta agus chun críoch uirlisí áirithe, deonaítear an díolúine sin go dtí deireadh ré feidhme an táirge ábhartha nó go dtí an 31 Nollaig 2043, cibé acu is túisce, nó, maidir le páirteanna spártha chun críoch feistí leighis agus feistí diagnóiseacha *in vitro*, go dtí deireadh ré feidhme an táirge ábhartha. Féadfaidh ré feidhme táirgí i bhfeidhmchláir chosanta, aeraspáis agus spáis dul thar 2043. Dá bhrí sin maidir le páirteanna spártha le haghaidh na bhfeidhmeanna sin, a bhí i gcríoch an Aontais roimh dháta éaga na díolúine ábhartha nó ar an dáta sin, ba cheart a gcur ar an margadh agus a n-úsáid a cheadú tar éis an dáta sin.

(9) Chun cur i bhfeidhm agus forfheidhmiú Airteagal 3(1) de Rialachán (AE) 2019/1021 san Aontas a threisiú, ba cheart teorainnluach a shocrú i ndáil le dechlorane plus a bhíonn ann mar rian-éilleán neamhbheartaithe i substaintí, i meascáin agus in earraí.

(10) I bhfianaise gur gá do shaotharlanna feabhas a chur ar chruinneas anailíse agus a áirithiú go gcuirfear modhanna anailíseacha i bhfeidhm ar bhealach aonfhoirmeach leordhóthanach, ba cheart an teorainn rian-éilleáin neamhbheartaithe a shocrú ag 1 000 mg/kg. 30 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart an teorainn sin a shocrú ag 1 mg/kg.

(11) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2019/1021 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/1021 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 15.5.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*